**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

### Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé hAoine, 8 Bealtaine      Tráthnóna, 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Céadaoin, Aibreán 29**

---

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad cheann. Líníocht níos críochnaithe de staidiúir a mhairfidh tríocha nóiméad a bheidh sa dara ceann.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**
**Tá na frapaí seo a leanas riachtanach:**

- **Scaif fhada don chéad staidiúir.**
- **Cathaoir agus scaif nó carbhat gairid don dara staidiúir.**

Le linn an scrúdaithe, beidh sé de chead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa. Socrófar iad de réir mar a iarrtar. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.
Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa don dara staidiúir.

## Treoracha d'iarrthóirí

Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad den chuspa, a bhfuil cur síos déanta air sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus caithfear líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht níos críochnaithe de staidiúir tríocha nóiméad, a bhfuil cur síos déanta air sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor (an cloigeann agus na guaillí) a roghnú le haghaidh Staidiúir (b).
N.B. Má roghnaíonn tú an leathfhíor/an cloigeann agus na guaillí, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Caithfidh tú an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus ar a laghad, an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair a bheith san áireamh.

- Caithfidh tú an líníocht a tharraingt ó bhreathnú díreach ar an gcuspa.
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, caithfidh an feitheoir an bhileog seo a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí bán.
- Caithfear bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

***Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)easamh agus***

- an chos chlé chun tosaigh beagán
- an meáchan anuas ar an gcos dheas
- an scaif deasaithe thart timpeall an mhuiníl
- an lámh chlé ag breith ar an scaif os cionn an chléibh
- an lámh dheas ag breith ar an scaif ar chothrom na coime
- an cloigeann ag breathnú ar clé.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

***Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)uí ar chathaoir agus***

- na cosa go daingean ar an urlár
- carbhat nó scaif ceangailte thart timpeall an mhuiníl i bhfoirm snaidhme
- an lámh dheas ag breith ar shnaidhm an charbhait nó na scaife
- an lámh chlé go cothrom ar an gceathrú chlé
- an cloigeann ag breathnú roimhe amach.

Leathanach Bán